

AN LÍON.

Badh é an rud deireannach a cuirthí é, i ndeire an earraigh. Bean barrainneach ar mhaith léithe iargúis a bheith aice chuireadh sí faoi ndeara dá comhlúadar leathphíos a talmhan a fhágáil aice ina sheasamh dhe thalamh eadtrom dubhrabhán. Fataí i dtosach, coirce annsin, eorna annsin, seagal, agus an líon ar deire thiar. Bhíodh an síol dá gcuid féin ag cuid de na daoine. Bhíodh sé crochta suas i mbarr an tighe, faoi chaolacha an tighe, i náit nach dtiocfadh luch go dtí é, cuid eile aca cheannuighidís é. An bhean nach mbeadh an barainn uirthí nó an forfás chaithfeadh sí a dhul agus a cheannacht nó é fhágáil as iasacht. Is ag ceannacht a bhíonn an duine dona i gcomhnaidhe is a bhéas go bráthach. Sé an síol rois an síol is goire don ghaineamh le sleamhnacht agus le sgíreacht. Nuair atá tú dá crathadh tá sé imthiththe as do láimh gan buidheachas. I náit a mbeadh an bhean mhaith crathfadh sí féin é. Nuair atá an líon fásta faoi n-a bláth sé an posaé is deise é as cionn talmhan. Shilfeá gurbh é dath na spéire atá air. Tá lionnadh uaine ann tar éis é bheith gorm. Imthigheann an bláth dhe ar nós gach uile shórt. Níor baineadh ariamh é le corán ach a tharraingt as an talamh agus é leigin ar sraith. Nuair atá a dhóthain shraith aige a cheangal ina dhornáin nó ina phonntáin, stoca beag a dhéanamh annsin de, a thabhairt leat agus é a bháthadh. Chaitfeá breathnú amach don áit i mbádhtha é, chaitfeadh sé bheith ina áit nach mbeadh aon láib. Ní raibh áit ar bith chomh feileamhnach dó ná sean-phortach a mbeadh uisge glan ann. Bhí an oiread seo laetheannta ceaptha dó báidhte. Tógfaidhe as an bpoll sin é. Cuirfidhe ar srath é. Nuair a bheadh sé cúpla lá breagh ar sraitheadh d'iompóchaide é. Ceanglóchaidhe suas é ina phunannacha. Tiubhurfaidhe abhaile é. Cuirfidhe i sgiobal é nó ar ailéar. Nuair a bheadh an chuid is mó den obair thart ag na daoine ghabhfaidís agus chruachóchaidís é an fear a bheadh beachtuigte agus a mbeadh fios a ghnaithe aige sé an áit a gcruadhóchadh sé é cos an chlaidhe. An t-amadán sé an áit a gcruadhóchadh sé é os cionn na teineadh. Is iomdha fear ariamh a d'fága sé gan teach gan árus, mar tá sé nós an phúdair. Súghfadh sé an teine aige féin dá mbeadh sí gan a bheith níos goire dó ná ocht n-ordlaigh. An fear a chruadhóchas amuich í cois an claidhe caithfidh sé fanacht le lá gan gaoithe gan gála. Cuirfidh sé dhá mhaide láidre isteach i bpoll an chlaidhe sé troighthe ó chéile, péire postaí futha ceithre troighe amach ón gclaidhe. Cuirfidh sé sraith ámhaid as a gcionn. Leigfidh sé péire málaí anuas le n-a gcolbha a choinneochas an teas le dul suas faoi sgrath. Beidh an teine socruighthe faoin tsrath agus beidh an teine socruighthe faoin tsrath agus sgurfaidh sé an líon os cionn suas. Nuair atá sí leath-uair sgartha iompóchaidh sé druim ar ais é. Tiubhraidh sé leath-uair eile annsin dó. Tá sé chomh hoilte le gaétséar air le n-a fhéachaint. Béarfadh sé ar dhlaoi idir a dhá láimh, cuirfidh sé cor inntí. Má tá sí sáthach cruadh aige pléasgfadh sí. Tógfaidh sé anuas go deas cúramach é, ceanglochaidh sé thairis é nó go gcuirfidh sé srath eile suas, beidh sé mar sin nó go mbeidh sé críochnuigte. Nuair a bheidh sé críochnuighthe ceanglóchaidh sé suas ina bheart mór é, beidir leathchéad meadhachain is chuile bheart. Cuirfidh sé ar ailéar é nó go dtí aimsear airneáin, má tá fear maith ann ní fhanfaidh sé leis an airneán, ach nuair a thiocfas lá fliuch nach bhféadfadh sé aon bhuille a

dhéanamh amuich tarraingeocha sé aige bearta agus tosóchaidh sé ghá bualadh le tuairgín go lagfaidh sé an colg air. Nuair atá sin déanta aige leis gheobhfaidh a bhean slis sgoitséala. Cuirfidh sí fuirmneacha ina seasa ar a gceann. Beidh aghaidh na gceithre gcos isteach uirthi. Leigfidh sí lán a glaice de'n líon anuas ar a bhfuirimne. Beidh sí ag tarraingt chaon iarraidh anuas ó chúl a cinn ghá sgoitféail nó go bhfuil an chuid is mó de'n cholg bainte as aice.

Níl aon úsáid sa gcolg

Má tá sí ag iarraidh anraidh chaol a dhéanamh déanfaidh sí a gairimeilt faoi dhó beidh cosa an tlú gairimeilt níos dlúithe dá chéile le haghaidh an bhaigh mhín, beidh barach mhín agus barach garbh annsin aice.

Nuair atá an méid sin déanta aice gheobfadh sí tlú garaimilt, bainfidh sí an basuch mín as leis an tlú gairimilt. Leagfaidh sí an chuid é sin leath-taobh mar is féidir súatha a dheanamh dhe go mbeidh am aice le na sníomh le inneach súsaí garbha agus dlúth olann. Nuair atá an méad sin déanta aice, gheobhfaidh sí siostal garbh. Déanfaidh sí é a shiostal. Má tá sí ag iarraidh anraidh mhín a dhéanamh gheobhfaidh sí siostal mín. Ins an tsean-aimsir ní raibh aon úsáid dá dhéanamh den anraidh mhín ach ag breithimh, giúistísí ag coinséalaraí. Ní hé gach aon bhean a bhí indon anraidh mhín a dhéanamh. Sé an t-ainm a bhí air an anraidh chaol.

bhí sé insan amhrán"

nach lágach agus nach gléigeal mar nighinn do léine,
Sníomhfainn do bhréidín agus t'-anraidh caol.
Déanfainn gach aon nídh dá mba cóir do bhean a dhéanamh
Dá mba é agus fiú an éadaigha bheadh thart san oidhche
Gheobhfainn inghean duit agus maicín gléigeal
Agus d'oifinn féin iad le sugh mo chroidhe."
Agus nach fearr duit agat mé mar bhean is mar chéile
Ná bheith i do réic bocht ar fud an tsaoghail.
29/1/30.

(bhí siostal mín ann agus siostal garbh.)

Giobóg lín tugtar ar an dlaoi tar éis an tlú gairimeilt. Is míne é ná an ghruag é ar dhath an tseanoir tar eis a bheith bán tá lionnra buidhe ann. Gabhfaidh sé ón tlú go dtí an túirne lín. Sníomhfa an bhean é. Nuair atá sé sníomhta ina phróistí aice (eiteáin) cuirfidh sí an srath ar an gcrois lín agus sin é an crann tochras nó go ndeanfaidh sí eige dhe. Gabhfaidh an fear go dtí an cladach inéindigh leis an mbean go mbainfidh siad feamain barr cladaigh. Sé an t-ainm atá ar a bhfeamain sin roipíneach. Sgarfaidh an fear at an tuirling í nó go dtriomuighidh sé í. Déanfaidh sé cárnán annsin dhe. Socróchaidh sé teine innte go ndeanfaidh sé ceilp dhi. Caithfidh sí an oidhche uile a dóghadh. Tiubhraidh abhaile i gcliabh í. Cuirfidh an bhean pota mór uisge síos. Cuirfidh sí síos an ceilp ins an uisge, cuirfidh sí síos an eige ann nó go mbruithidh sí an snatha. Tóigfidh sí as aníos é nuair atá sí bruighte. Nighfidh sí é. Triomóchaidh sí é. Cuirfidh sí ag bhfigheadóir é.

Bhíodh na haiciléaraí ag imtheacht thart, fear is bean ag siostalóireacht ag daoine. Bhí siostal mín is garbh aca. Is ar a bpáidhe a bhídís. Sa gcisteanach is mó a bhídís ag obair. Bhíodh siostal ag corr fhear tuaithe. Leigfeadh siad an siostal amach ag daoine eile. Séard é a páidhe nuair a gabhfá ar ais leis punt lín ghlain. Bhí péire siostal ag mo sheanathair. As Sruthar a tháinig sé mar is as a tháinig mo sheanmháthair agus bhí tuirne lín aice a tháinig as an áit céadna.